Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2022

Irish

Assessment Unit AS 2
(Section A)

assessing

Listening

[SIR21]

TUESDAY 24 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

▯ Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2022
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Dúirt an tAire Sláinte Simon Harris go raibh sé ag iarraidh deireadh a chur leis na meaisíní díola ina ndíoltar toitíní agus galtoitíní. Tá sé ag iarraidh dlí úr a thabhairt isteach a chuirfidh cosc ar thoitín de chineál ar bith a cheannach as na meaisíní díola seo. Thug sé le fios go raibh sé níos fusa do dhaoine faoi bhun ocht mbliana déag toitíní agus galtoitíní a cheannach as na meaisíní díola.

Mhaígh urlabhraí thar ceann comhlachta a dhéanann na meaisíní díola, áfach, gur cinneadh conspóideach a bhí ann agus go gcuirfeadh an cinneadh a chomhlacht féin as gnó. Dúirt sé go raibh na céadta daoine fostaithe aige agus a ghnó aige le tríocha bliain anuas. D'iarr sé ar an Aire Sláinte níos mó plé a dhéanamh leis na ceannairí comhlachtaí sula gcuirfeadh sé an dlí úr i bhfeidhm.

Níor aontaigh an tAire Sláinte leis an urlabhraí comhlachta. Dúirt an tAire go ndéanann toitín de chineál ar bith an-dochar do dhaoine agus do dhaoine óga go háirithe. Cháin sé na feachtais mhargaíochta a bhíonn ag na comhlachtaí galtoitíní, a mheallann daoine óga leis na dathanna áille agus na blasanna deasa. Dúirt an tAire go raibh polasaí nua ag rialtas na hÉireann a dtugtar 'Éire saor ó thoitíní' air.

Is cosúil go bhfuil líon na ndaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag d'aois atá ag caitheamh galtoitíní ag ardú gach bliain, agus tá na figiúirí is déanaí ag cur imní ar an Aire Sláinte. Chuir painéal dochtúirí comhairle ar an Aire maidir lena chinneadh. Dúirt an tAire go dtuigeann sé go gcuirfidh an cinneadh poist i mbaol ach go gcuireann na toitíní beatha an chaiteora i mbaol.

Foinse: Adapted from "Legal action likely over ban on tobacco vending machines" by Mark Hillard, 16 September 2019 © Irish News

2 Cuireadh tús le clár nua ar Raidió na Gaeltachta ar na mallaibh. *Bladhaire* an t-ainm atá ar an chlár a bheas ar an aer dhá lá sa tseachtain. Is í an t-iriseoir Áine Ní Bhreisleáin as Gaoth Dobhair a chuirfidh an clár i láthair. Tá aithne mhaith ag lucht éisteachta Raidió na Gaeltachta ar Áine ó na cláir nuachta agus na cláir ar chúrsaí reatha a chuir sí i láthair go dtí seo. Is clár difriúil ar fad é *Bladhaire,* áfach, leis na cineálacha clár a chuir sí i láthair roimhe. Tugann an clár nua seo deis d'Áine a pearsantacht féin a léiriú. Is duine bríomhar fuinniúil í Áine agus ba léir sin ón chéad eagrán den chlár ar éirigh go hiontach maith leis. Is clár nua siamsúil é *Bladhaire* ina mbeidh ceol, agallaimh agus míreanna eile. Beidh aíonna speisialta ann gach Aoine. Tá stiúrthóirí Raidió na Gaeltachta ag iarraidh éisteoirí óga a mhealladh le tamall anuas agus thapaigh siad an deis clár a thabhairt d'Áine nuair a chuala siad a podchraoladh darb ainm *Beo Ar Éigean*. Tá Áine agus léiritheoir an chláir, Damien Ó Donaill, ag iarraidh leas a bhaint as na meáin shóisialta leis na héisteoirí óga a mhealladh. Mhol urlabhraí thar ceann Raidió na Gaeltachta an chéad chlár go hard. Dúirt sé go raibh sé iontach sásta éisteacht le guth na Gaeltachta i gclár nua-aimseartha don aos óg. Dúirt Áine féin go mothaíonn sí ar a compord ina post úr ar an chlár agus go bhfuil sí ag dúil go mór leis an dúshlán. Bhí na héisteoirí sásta leis an chéad chlár agus dúirt Áine go bhfuair sí cuid mhór teachtaireachtaí.

Foinse: Adapted from "Cinneadh ciallmhar ó rnag Áine ní bhreisleáin a chur I lár an aonaigh" by Maitiú Ó Coimín. Published by nos.ie, 19 September 2019.
© Creative Commons https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/

This is the end of the recording.